Gaelscoil Thulach na nÓg

Bóthar Rúisc, Dún Búinne, Co na Mí

01-825 2858 Ríomhphost: office@tulach.ie

Uimhir rolla: 20082Q

*Príomhoide: Seán O Láimhín* *Leas-príomhoide: Mairín Ní Chonaire*

# Polasaí na Ranganna Uathachais Ghaelscoil Thulach na nÓg

## Réamhrá

Is bunscoil faoi phátrúnacht an Fóras Pátrúnachta í Gaelscoil Thulach na nÓg. Tá cúig déag ranganna príomhshrutha agus dhá rang uathachais sa scoil. Mar gheall ar ghné speisialaithe na ranganna uathachais, tá an beartas ginearálta breise seo curtha ar fáil, ag cur socruithe foirne agus acmhainní, soláthar speisialaithe oideachais agus nós imeachta cláraithe ar leith san áireamh. Tá an polasaí seo cruthaithe i gcomhréir leis an tAcht Oideachais 1998, An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanas Speisialta Oideachais (Acht EPSEN 2000) agus an tAcht Leasa Oideachais 2002.

## Acmhainnaí do Ranganna Uathachais

Braitheann Gaelscoil Thulach na nÓg ar deontais agus acmhainnaí foirne ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, chomh maith le airgead faighte trí tiomsú airgid agus ranníocaíochtaí tuismitheoirí.

I gcomhréir le rialacháin an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, dáiltear beirt mhúinteoirí agus ceathrar cúntóirí riachtanas speisialta do na ranganna uathachais, ina bhfuil dáréag leanaí. Is é an príomhoide / leasphríomhoide an t-oifigeach idirchaidrimh ainmnithe don scoil le tuismitheoirí agus forais eile, is é an múinteoir ranga an t-oifigeach idirchaidrimh ainmnithe do cheisteanna laethúla agus cumarsáid.

## Curaclam

Úsáideann ranganna i nGaelscoil Thulach na nÓg Curaclam na Bunscoile. Chomh maith leis sin, úsáideann na ranganna uathachais 'Treoirlínte do Mhúinteoirí Mac Léinn le Deachrachtaí Foghlama Ginearálta' atá foilsithe ag an NCCA. Cuireann na cáipéisí curaclaim sin creat teagaisc ar fáil do gach páiste. Mar sin, foghlamaíonn na páistí tríd na hábhair agus na snaithe atá iontu, na cinn seo a leanas san áireamh;

- Béarla agus Gaeilge (Cumarsáid agus Teanga)



Scanned with CamScanner

-Mata
-Na h-amarc-ealaíona
-Ceol
-Drámaíocht
-O.S.I.E. (Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht)
-O.S.P.S.
-Corpoideachas

Tá plean oideachais aonair (IEP) ag gach páiste agus úsáidtear réimse leathan de modhanna agus cuir chuige teagaisc. Cuirtear idirdhealú i bhfeidhm nuair is gá, agus úsáidtear teagaisc duine le duine agus grúpaí. Bíonn gníomhaíochtaí bunaithe ar teiripe urlabhra agus teanga chomh maith le teiripe shaothair mar chuid den gnáthlá múinteoireachta. Ar aon line leis an gcleachtas is fearr, úsáidtear meascán na hidirghabhála, mar shampla, TEACHH, PECS, scéalta sóisialta, anailís iompraíochta fheidhmeach, cumarsáid mhéadaitheach agus mhalartach agus LÁMH. Ó thaobh monatóireacht agus dul chun cinn a thuairisciú de, is féidir leis an múinteoir ranga córas cumarsáide éifeachtach idir scoil agus baile a chur i bhfeidhm m.sm. dialann baile-scoile.

**Critéir um Ligean Isteach**: Chun áit a fháil i rang uathachais, tá ar an bpáiste tuairisc a bheith acu a deireann go mbeadh áit in rang uathachas an timpeallacht oideachais is oiriúnaí don pháiste ('this child's needs would be best served by attending an ASD class in a mainstream national school').

**Pleananna Oideachais Aonair (IEPs)**

Forbraítear an plean oideachais aonair trí phróiseas comhoibritheach a bhaineann leis an scoil, na tuismitheoirí, an dalta (más cuí) agus pearsanra nó gníomhaireachtaí ábhartha eile. Díríonn sé isteach ar riachtanais foghlama tosaíochta. Is dréachtdoiciméad é an plean oideachais aonair agus mar sin, athraítear go minic de réir riachtanais an dalta é. Tá sé ar fail do gach duine atá ag plé go díreach leis an dálta.

**Próiseas an Phlean Oideachais Aonair (IEP)**

| | |
|---|---|
| **Céim 1** | Nuair a faightear an tuairisc nó measúnú a rá go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag an dalta, tosaíonn an comhordaitheoir plean oideachais aonair an próiseas IEP lastigh de chreat ama réasúnta. |
| **Céim 2** | Bailítear faisnéis (m.sh. torthaí measúnaithe diagnóiseacha, breathnuithe sa seomra ranga, tuairiscí scoile). Lorgaítear toiliú tuismitheoirí sula mbailítear faisnéis áirithe. |
| **Céim 3** | Eagraítear cruinniú pleanála ag an gcomhordaitheoir plean oideachais aonair. Is féidir leis an dalta, an múinteoir oideachais speisialta, an múinteoir príomhshrutha, an sicolaí, an teiripeoir saothair, an teiripeoir urlabhra agus teanga, an fisiteiripeoir, nó an oibrí sóisialta a bheith ann. Tugtar cuireadh do tuismitheoirí chuig cruinniú amháin ar a laghad gach bliain. Aidhm an chruinnithe ná pictiúr soléir de láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais reatha an pháiste a fháil, chomh maith le príomhriachtanais foghlama a aithint. Socraítear dáta le haghaidh athbhreithnithe. |
| **Céim 4** | Nuair atá pleananna oideachais aonair á scríobh, úsáideann Gaelscoil Thulach na nÓg an treoir chuimsitheach atá sna treoirlínte ag an NCSE. De réir sin, bíonn na spriocanna sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus inshroichte lastigh de |

Scanned with CamScanner

| | |
|---|---|
| | chreat ama. |
| **Céim 5** | Tionscnaíonn an comhordaitheoir plean oideachais aonair athbhreithniú ar an bplean oideachais aonair go tráthrialta – ar a laghad uair sa bhliain. An cuspóir ná a fháil amach an bhfuil na spriocanna atá sonraithe á mbaint amach ag an dalta. Déantar é sin d'fhonn an plean a leasú don tréimhse dar gcionn. Seoltar an plean leasaithe do gach duine a bhfuil bain acu leis an bpróiseas. |

**Bainistíocht Iompair agus Pleananna Iompair Aonair**

Úsáideann an foireann réimse leathan de stráitísí agus teicnící chun iompair a bhainistiú. Samplaí ná atreisiú dearfach (ó bhéal nó inláimhsithe), atreorú, sceidealú solúbtha, scéalta sóisialta, monatóireacht duine le duine, blocáil agus córais luaíochta agus dearbháin. Nuair atá iompar á bhainistiú, is é sláinte agus sábháilteacht na ndaltaí agus na foirne an rud is mó a bhfuilimid ag díriú air. Coimeádtar taifid mhionsonraithe go comhsheasmhach agus bailítear sonraí trí foirmeacha ABC. Má mheastar go bhféadfadh iompar dalta a bheith ina riosca féideartha dó/dí féin nó do dhaoine eile, d'fhéadfadh plean iompair aonair (IBP) a bheith riachtanach.

**Próiseas an Phlean Iompair Aonair (IBP)**

| | |
|---|---|
| **Céim 1** | Má mheastar go bhféadfadh iompar dalta a bheith ina riosca féideartha dó/dí féin nó do dhaoine eile, d'fhéadfadh plean iompair aonair (IBP) a bheith riachtanach. Coimeástear taifid mhionsonraithe maidir le hiompar den sórt sin. Nuair a mheastar go bhfuil gá leis, tosaíonn an comhordaitheoir plean iompair aonair an próiseas IBP. |
| **Céim 2** | Eagraítear cruinniú pleanála ag an gcomhordaitheoir plean iompair aonair. Is féidir leis an múinteoir oideachais speisialta, an múinteoir príomhshrutha, an síceolaí, an teiripeoir saothair, an teiripeoir urlabhra agus teanga, an fisiteiripeoir, nó an oibrí sóisialta a bheith ann. Tugtar cuireadh do tuismitheoirí chuig an gcruinniú.<br><br>D'fhéadfaidh an plean díriú isteach ar straitéisí chun idirghabháil a dhéanamh, agus chun iompraíochtaí athsholáthair agus scileanna déileálacha a fhorbairt. Socraítear dáta le haghaidh athbhreithnithe. |
| **Céim 3** | Seoltar cóipeanna den phlean iompair aonair atá críochnaithe chuig gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas. |
| **Céim 4** | Is cleachtadh comhoibritheach a bhaineann le cur chuige scoile uile, baile agus cliniciúil é an plean iompair aonair a chur i bhfeidhm. Coimeádtar loga iompair. Le linn chur i bhfeidhm an phlean, is é sláinte agus sábháilteacht na ndaltaí agus na foirne an rud is mó a bhfuilimid ag díriú air. |
| **Céim 5** | Tionscnaíonn an comhordaitheoir plean iompair aonair athbhreithniú ar an bplean iompair aonair go tráthrialta. An cuspóir ná a fháil amach an bhfuil laghdú tagtha |



Scanned with CamScanner

| | |
|---|---|
| | ar iompar spriocdhírithe de bharr na hidirghabhálacha atá leagtha síos. Déantar é sin d'fhonn an plean a leasú don tréimhse dar gcionn, nó chun deireadh a chur leis an bplean más cuí. |

**Comhtháthú**

Tá sé mar chuspóir ag Gaelscoil Thulach na nÓg daltaí a éascú chun an leibhéal comhtháthaithe is fearr is féidir a bhaint amach. Braithfidh méid an chomhtháthaithe i gcónaí ar ullmhacht an dalta aonair. Más cuí, ullmhóidh agus pleanálfaidh an fhoireann do chomhtháthú an dalta i rang príomhshrutha. Sula dtionscnófar an próiseas comhtháthaithe, smaoiníonn an comhordaitheoir comhtháthaithe ar an méid seo a leanas;

- méid an ranga príomhshrutha
- líon na ndaltaí eile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa rang príomhshrutha
- tacaíocht chúntóra riachtanas speisialta
- tráthchlár
- pleananna oideachais aonair

Bíonn an cinneadh deiridh ag an bpríomhoide maidir le gach ábhar a bhaineann le comhtháthú.

**Próiseas Comhtháthaithe**

| | |
|---|---|
| **Céim 1** | Tosaíonn an comhordaitheoir an próiseas i gcomhair le baill foirne, foireann chliniciúil agus tuismitheoirí. Breathnaíonn an múinteoir príomhshrutha ar an dalta sa rang uathachais agus breathnaíonn an múinteoir ranga uathachais ar an seomra ranga príomhshrutha. Ansin déantar plean le haghaidh gníomhaíochtaí príomhshruthaithe droim ar ais. Coinnítear taifid. |
| **Céim 2** | Eagraítear cruinniú ag an gcomhordaitheoir comhtháthaithe. Is féidir leis an múinteoir oideachais speisialta, an múinteoir príomhshrutha, an síceolaí, an teiripeoir saothair, an teiripeoir urlabhra agus teanga, an fisiteiripeoir, nó an oibrí sóisialta a bheith ann. Tugtar cuireadh do tuismitheoirí chuig an gcruinniú. Aidhm an chruinnithe ná díriú ar mhionsonraí an chomhtháthaithe droim ar ais, na buntáistí a bhaineann le comhtháthú príomhshrutha don dalta, na coinníollacha maidir le comhtháthú, agus aontaíonn sé scála ama. |
| **Céim 3** | Tá pleanáil agus comhairliúchán idir an múinteoir ranga uathachais agus an múinteoir príomhshrutha ag du lar aghaidh go minic. Tá an scála ama solúbtha i gcónaí. Is féidir é a laghdú nó a mhéadú ag brath ar dhul chun cinn. |
| **Céim 4** | Tionscnaíonn an comhordaitheoir comhtháthaithe athbhreithniú ar an bplean comhtháthaithe. Is féidir é sin a bheith mar chuid den phlean oideachais aonair. Cinneann an cruinniú seo rath an chomhtháthaithe agus aon bhearta breise atá le glacadh. |

Scanned with CamScanner

**Cúram Pearsanta**

Uaireanta d'fhéadfadh go mbeadh cúnamh le cúram pearsanta ó bhaill foirne ag teastáil ó leanbh sna ranganna uathachais m.sh. ag dul go dtí an leithreas/níochán. Ní dhéanann ach daoine fásta a bhfuil aithne ag an dalta orthu tascanna den sórt sin, agus déanann siad le híogaireacht agus le meas iad. Míníonn an fhoireann cad atá ag tarlú i gcónaí ionas gur féidir leis an dalta a bheith ag súil leis. Tugtar tacaíocht do dhaltaí chun an leibhéal is airde neamhspleáchais is féidir a bhaint amach, agus spreagtar iad chun an oiread agus is féidir leo a dhéanamh dóibh féin. Déantar teagmháil le craiceann go craiceann a sheachaint trí bhac ar nós lámhainn, spúinse nó ceirtín a úsáid. Tuairiscítear eachtraí a dteastaíonn cúram uathu do thuismitheoirí a luaithe agus is féidir. Má thugann an fhoireann imní leigis féideartha faoi deara, cuireann siad an príomhoide agus na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas. Féadfar socruithe cúraim a phlé le linn cruinnithe IEP/IBP.

Síniú: Séamus Ca[illegible] Dáta: 14/12/2021

(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Síniú: Seán Ó [illegible] Dáta: 14/12/21

(Príomhoide)



Scanned with CamScanner